V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11144 — COLT TECHNOLOGY SERVICES GROUP / LUMEN EMEA BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 260/05)

1. An 17 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]) agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Colt Technology Services Group Limited (an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Colt Group Holdings Limited ('Colt', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú deiridh Star Horizon Management LLC (na Stáit Aontaithe), agus

— Camelot Landing, LLC (na Stáit Aontaithe), CenturyLink Europe B.V (an Ísiltír), Lumen Technologies Austria GmbH (an Ostair), Lumen Technologies Belgium SA (an Bheilg), Lumen Technologies Denmark ApS (an Danmhairg), Lumen Technologies EMEA Holdings Limited (an Ríocht Aontaithe) agus a bhfochuideachtaí faoi seach chomh maith le sócmhainní fomhuirí áirithe na Stát Aontaithe de chuid Lumen agus sócmhainní fomhuirí tras-Atlantacha áirithe de chuid Lumen, le chéile an 'Spriocghnóthas' nó 'Sprioc-eintitis', a bhaineann go léir le grúpa Lumen atá faoi rialú deireadh Lumen Technologies, Inc. (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Colt rialú aonair ar an Spriocghnóthas ina hiomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta teileachumarsáide ilnáisiúnta é Colt a chuireann seirbhísí líonra ar fáil d'earnálacha dianlíonra agus seirbhísí gutha a thacaíonn leis an aistriú ó sheirbhísí gutha traidisiúnta go seirbhísí gutha den chéad ghlúin eile san Eoraip, sna Stáit Aontaithe, san India agus san Áise.

— Soláthraíonn na Sprioc-eintitis bonneagar teileachumarsáide (bonneagar snáthoptaice agus seirbhísí comhlogaithe) agus seirbhísí fiontraíochta ar fud na hEorpa, an Mheánoirthir agus na hAfraice. Cuimsíonn an Spriocghnóthas a bheag nó a mhór gnó agus sócmhainní uile Lumen in EMEA.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11144 — COLT TECHNOLOGY SERVICES GROUP / LUMEN EMEA BUSINESS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.